

Féile Náisiúnta Drámaíochta 2011 i gCois Fharraige

Seán Ó Morónaigh

Agus drámaí Gaeilge ó phobail éagsúla timpeall na tíre ar stáitse i gConamara ag Féile Náisiúnta Drámaíochta 2011, bhí sé tráthúil gur san amharclann phobail i Seanscoil Sailearna a déanadh an ceiliúradh seo. Is cosúil gur fhás an amharclann seo ón bpobal: ina scoil, ina seanscoil, ina hionad pobail, ina hamharclann bheo. Is deacair cúlra ná siombail níos fearr don drámaíocht a shamhlú agus ár mbuíochas leis na daoine a spreag agus a spreagann an bheocht seo.

Ní hionadh gur thug Aire Stáit na Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich, T.D., moladh ar leith don áis bhreá seo ag ócáid bhronnta na ngradam ag clabhsúr na Féile Náisiúnta.

“Bhí deireadh seachtaine ar dóigh againn uilig,” a scríobh Aisteoirí Charn Tóchair, Co. Dhoire chugam i ndiaidh dóibh filladh abhaile agus a gcéad léiriú riamh ag Féile Náisiúnta Drámaíochta curtha ar stáitse acu. An dráma nuascríofa “Dealg an Tiomna” le Proinsias Ó Cuilinn a léiríodas agus is cinnte gur bhain an lucht féachana ana-shásamh as.

Ag na féilte náisiúnta bíonn béim i gcónaí ar ábhar nua, scríbhneoireacht úr agus stíl dhifriúil agus bhí samplaí breátha

de na tréithe sin le blaiseadh ag an deireadh seachtaine. Ar na drámaí nuascríofa eile bhí – “Na Leabhra” le hAodh Ó Domhnaill, á léiriú ag Aisteoirí Bulfin, Áth Cliath; “Ciúnas” le Tomás Ó hIcí, á léiriú ag Aisteoirí Bhréanainn, Corca Dhuibhne; agus an dara dráma nua leis an údar Conallach, Proinsias Ó Cuilinn, “Fuil ar an Torc”, á léiriú ag Aisteoirí Mhíobhaigh, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.

Nár bhí iontach mar a chruthaigh Aisteoirí Bhréanainn, Corca Dhuibhne, radharc “réadúil” inchreidte don dráma “Ná hInis Di Féin É” le Sam Cree – dearadh stáitse a léirigh mar is féidir feidhm a bhaint as spás teoranta. Bhain lán an tí ana-spórt as an dráma sin i lár an lae Dé Domhnaigh agus an ghrian ag spalpadh anuas taobh amuigh! Agus bhí slua deas i láthair ag an dráma aon-fhir “Cian is Cógar” le Dermot Bolger a léirigh Compántas Chorcaí ar maidin Dé Sathairn.

Is bundráma Gaeilge é “Faoiseamh”, an t-aon dráma Gaeilge atá againn ó John B. Keane. Ach b’fhéidir gur cheart “aistriúchán” a thabhairt ar an leagan a léirigh Aisteoirí Mhic Easmuinn, An Cheathrú Rua, mar bhí Gaeilge na Ceathrún Rua curtha in áit Ghaoluinn na Mumhan! Ach bhaineas sult mór as cé go rabhas ag féachaint air den

tríú huair. Tagann an aisteoireacht go nádúrtha chucu mar is ana-chainteoirí iad.

Ní foláir nó go raibh go leor ag súil leis na hagallaimh ag Éigse na Féile i ndiaidh an *overture* iontach le Máirtín Mac Donnchadha, Bríd Ní Neachtain agus Cáit de Bhailís ag oíche oscailte na féile nuair a dheineadar cur i láthair deisbhealach de rogha agallamh Chonamara thar na blianta (ón leabhar *Agallaimh na hÉigse*). Agus ag Éigse na bliana seo bhí agallaimh bhlasta, ceapóga ceolmhara, lúibíní magúla, amhrán saothair ag ceathar cailíní agus scéaldráma ó Chúil Aodha gan trácht ar lucht éisteachta a raibh meas agus tuiscint acu ar shaibhreas na cainte. Caoithiúil go leor, ba i bhfilíocht a chuir Máirtín Mac Donnchadha an Éigse i láthair.

Ba í an t-aisteoir Bríd Ní Neachtain a bhí ina moltóir drámaíochta ar an bhféile agus labhair sí go stuama tuisceanach ar na léirithe éagsúla.

Agus mar chruthú ar an gcóir agus ar an bhfáilte a cuireadh romhainn in 2011, fógraíodh ag an deireadh gur i gCois Fharraige arís a bheadh Féile Náisiúnta Drámaíochta 2013 – i ndiaidh turas ó thuaidh go dtí Na Dúnaibh an bhliain seo chugainn.



Coiste Áitiúil na Féile Náisiúnta
Ar chúl, ó chlé: Máirín Uí Chonghaile, Mairéad Uí Fhatharta agus Treasa Mac Niocaill.

Chun tosaigh: Máire Ní Mháille, Bridie Mhic Cormaic, Seán Ó Tuairisg agus Méimí Uí Cheallaigh.